Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11767/26**
**ADD 1**

**AGRILEG 186**
**VETER 118**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN A GHABHANN LE<br>RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena leasaítear Iarscríbhinní IV, VI agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 a mhéid a bhaineann leis an liosta de na Ballstáit atá údaraithe le seachtháirgí ainmhithe áirithe a úsáid chun speicis áirithe éan neicreafagach a bheathú, agus a mhéid a bhaineann le diúscairt, úsáid agus marcáil breoslaí in-athnuaite áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D115107/2 annex.

Faoi iamh.: D115107/2 annex

**GA**

# IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní IV, VI agus VIII a ghabhann le Rialachán (AE) 142/2011 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, Caibidil IV, Roinn 3, pointe 2, cuirtear isteach pointe (g) seo a leanas:

‘(g) maidir leis na modhanna chun bithdhíosal a tháirgeadh ó shaillte próiseáilte agus leáite d’ábhair Chatagóir 1, Chatagóir 2 agus Chatagóir 3, i gcomhréir le Caibidil IV, Roinn 2, pointí M agus N den Iarscríbhinn seo:

(i) i gcás bithdhíosal a eascraíonn as an bpróiseas, féadfar é a úsáid mar bhreosla gan srianta faoin Rialachán seo (pointe deiridh);

(ii) i gcás táirgí seachas bithdhíosal a eascraíonn as na modhanna seo a leanas:

- féadfar iad a dhiúscairt i gcomhréir le hAirteagal 12, pointí (a) nó (b), Airteagal 13 nó Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009,
- féadfar iad a dhiúscairt trína chur i líonadh talún údaraithe,
- féadfar iad a chlaochlú go bithghás, ar choinníoll go ndéanfar iarmhair an díleá ó chlaochlú bithgháis ábhar Chatagóir 1 a dhiúscairt trí loscadh, trí chomhloscadh nó trína gcur i líonadh talún údaraithe,
- féadfar iad a úsáid chun críoch teicniúil dá dtagraítear in Airteagal 36, pointe (a)(i), de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009.’;

(2) in Iarscríbhinn VI, Caibidil II, Roinn 2, pointe 1(a)(i), cuirtear isteach an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an Rómáin sa Tábla idir na hiontrálacha a bhaineann leis an bPortaingéil agus leis an tSlóvaic:

‘

| Cód tíre | Ballstát | Speiceas ainmhíoch | |
|---|---|---|---|
| | | Ainm áitiúil | Ainm Laidine |
| RO | an Rómáin | bultúr uan | *Gypaetus barbatus* |
| | | bultúr luaithriúil | *Aegypius monachus* |
| | | bultúr Éigipteach | *Neophron percnopterus* |
| | | bultúr gríofa | *Gyps fulvus* |
| | | iolar fíréan | *Aquila chrysaetos* |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | iolar impiriúil | *Aquila heliaca* |
| | | iolar mara | *Haliaeetus albicilla* |
| | | cúr dubh | *Milvus migrans* |
| | | cúr rua | *Milvus milvus* |

’;

(3) in Iarscríbhinn VIII, Caibidil V, pointe 3, cuirtear isteach pointe (f) seo a leanas:

‘(f) bithdhíosal a tháirgtear ó shaillte próiseáilte agus leáite d’ábhair Chatagóir 1, Chatagóir 2 agus Chatagóir 3, i gcomhréir le Caibidil IV, Roinn 2, pointí M agus N, d’Iarscríbhinn IV.’.